Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

13797/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0291(NLE)

UK 203
FISC 319
ECOFIN 1241

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an údarú don Ríocht Aontaithe beart speisialta a chur i bhfeidhm, i ndáil le Tuaisceart Éireann, de mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE

an …

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512
a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an údarú don Ríocht Aontaithe
beart speisialta a chur i bhfeidhm, i ndáil le Tuaisceart Éireann,
de mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE
maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512[2] ón gComhairle, údaraítear an Ríocht Aontaithe beart speisialta a chur i bhfeidhm, i ndáil le Tuaisceart Éireann, go dtí an 31 Nollaig 2026, de mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE chun cion den cháin bhreisluacha (CBL) a bhaineann le caiteachas ar bhreosla a úsáidtear chun críoch príobháideach i ngluaisteáin ghnó a shocrú ar bhonn ráta comhréidh ('an beart speisialta').

(2) Foráiltear le hAirteagal 168 de Threoir 2006/112/CE go bhfuil duine inchánach i dteideal asbhaint a dhéanamh ar CBL a mhuirearaítear ar cheannacháin a dhéantar chun críoch idirbheart cáinmhuirearaithe. Mar sin féin, le hAirteagal 16 den Treoir sin, ceanglaítear go gcaithfear mar sholáthar earraí ar chomaoin le cur i bhfeidhm arna dhéanamh ag daoine inchánach earraí ar cuid dá sócmhainní gnó iad le haghaidh úsáid phríobháideach nó úsáid a mball foirne, i gcás ina raibh CBL ar na hearraí sin nó ar na comhpháirteanna díobh in-asbhainte go hiomlán nó go páirteach. Leis an gcóras sin, is féidir CBL a asbhaineadh ar dtús a aisghabháil i ndáil leis an úsáid phríobháideach.

(3) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 25 Márta 2026, d'iarr an Ríocht Aontaithe údarú chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm, i ndáil le Tuaisceart Éireann, tar éis an 31 Nollaig 2026.

---

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena n-údaraítear don Ríocht Aontaithe, i ndáil le Tuaisceart Éireann, beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 103, 24.3.2021, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/512/oj).

(4) De bhun Airteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, le litreacha dar dáta an 24 Iúil 2026, tharchuir an Coimisiún chuig na Ballstáit an iarraidh a chuir an Ríocht Aontaithe isteach. Le litir dar dáta an 29 Iúil 2026, thug an Coimisiún fógra don Ríocht Aontaithe go raibh an fhaisnéis uile ba ghá aige chun an iarraidh a bhreithniú.

(5) De réir na faisnéise a chuir an Ríocht Aontaithe ar fáil ina hiarraidh, leis an mbeart speisialta, soláthraíodh, do dhaoine inchánach agus don údarás cánach araon, nós imeachta simplithe éifeachtúil chun CBL a bhailiú i ndáil le caiteachas ar bhreosla le haghaidh gluaisteáin ghnó a úsáidtear go páirteach chun críoch príobháideach. Níor tháinig aon athrú, dar leis an Ríocht Aontaithe, ar an bhfíorstaid a thugann údar maith leis an mbeart speisialta a chur i bhfeidhm.

(6) Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur le cur i bhfeidhm an bhirt speisialta. Ba cheart teorainn ama a chur leis an síneadh sin ionas go bhféadfaidh an Ríocht Aontaithe faireachán cuí a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an cion de CBL, arna shocrú ar bhonn ráta comhréidh, fós ag teacht leis an gcaiteachas ar bhreosla ar ghluaisteáin ghnó a úsáidtear chun críoch príobháideach. Ba cheart, dá bhrí sin, go rachadh údarú an bhirt speisialta in éag an 31 Nollaig 2029.

(7) I gcás ina n-iarrann an Ríocht Aontaithe síneadh breise a chur leis an mbeart speisialta tar éis an 31 Nollaig 2029, ba cheart di iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin, agus tuarascáil ag gabháil léi, faoin 31 Márta 2029.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 8, an dara mír, den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ('Creat Windsor')[3] a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[4], níl le híoc leis an Aontas ioncam a eascraíonn as idirbhearta atá inchánach i dTuaisceart Éireann. Dá bhrí sin, ní bheidh aon drochthionchar ag an mbeart speisialta ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraítear ó CBL.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512 ón gComhairle a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[3] IO L 102, 17.4.2023, lch. 87.
[4] IO L 29, 31.1.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign.

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/512:

‘Airteagal 1

De mhaolú ar Airteagail 16 agus 168 de Threoir 2006/112/CE, údaraítear an Ríocht Aontaithe, ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2029, an cion de CBL a bhaineann le caiteachas ar bhreosla a úsáidtear chun críoch príobháideach i ngluaisteáin ghnó i ndáil le Tuaisceart Éireann ar bhonn ráta comhréidh a shocrú.

Déanfar aon iarraidh ar shíneadh a chur leis an mbeart dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2029 agus beidh tuarascáil ag gabháil léi ina léirítear éifeachtacht an bhirt speisialta agus baint amach a cuspóirí. Áireofar sa tuarascáil measúnú ar an gcion de CBL i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil sé fós ag teacht leisan gcaiteachas ar bhreosla ar ghluaisteáin ghnó a úsáidtear chun críoch príobháideach.’.

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, i ndáil le Tuaisceart Éireann.

Arna dhéanamh in/sa …, …

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán